ACMHAINN 13

Scigphictiúir agus Steiréitíopaí

Ba cheart do mhúinteoirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh roinnt de na híomhánna seo a leanas olc a chur ar dhaltaí áirithe. Moltar íogaireacht maidir lena n-úsáid sa seomra ranga.

Teach Lóistín Uncail Sam

Tugann Éireannach ionsaitheach aghaidh ar Uncail Sam (siombail de Stáit Aontaithe Mheiriceá) i dteach lóistín atá lán de lucht oibre agus d'inimircigh ó roinnt tíortha atá ag iarraidh dul a chodladh.

Foinse: Leabharlann na Comhdhála © Library of Congress

Tionscadal de chuid Pharlaimint na hEorpa

Línéar Aigéin do na daoine a bhfuil géarleanúint déanta orthu



Léirítear sa 'Líne Eabhrach Nua Thrasatlantach' le haghaidh úsáid eisiach 'na ndaoine a ndearnadh géarleanúint orthu' ní hamháin íomhanna steiréitíopacha de phaisinéirí Giúdacha ach freisin an bád í féin agus an íomhára ainmhíoch a ghabhann leis.

Foinse: Leabharlann na Comhdhála © Library of Congress

Tionscadal de chuid Pharlaimint na hEorpa

Plá atá ag teacht



Léiriú ar imircigh Shíneacha mar dhreoilíní teaspaigh millteacha ó*The Wasp*, iris sheanbhlastúil ó dheireadh an 19ú céad. Is é atá scríofa sa téacs: 'Feirm Uncail Sam i mbaol. Tá seachtó milliún duine stiúgtha leis an ocras i gCúigí Thuaisceart na Síne. Tá na daoine go léir arb acmhainn dóibh é a dhéanamh ag prapáil chun teacht chuig na Stáit Aontaithe. Fair amach do na Dreoilíní Teaspaigh, a Uncail Sam!'

Foinse: Leabharlann na Comhdhála © Library of Congress

Maidir le pobal na hIodáile



Cartún eagarthóireachta imirceach atá an-fhrith-Iodáileach i nuachtán *The Mascot*, New Orleans, 1888. Déanann na painéil uachtaracha fonóid faoin tslí bheatha Iodáileach agus ar na painéil íochtaracha moltar slite chun deireadh a chur leo.
Foinse: Wikimedia commons

- Dar leatsa, cén teachtaireacht a bhí beartaithe leis na híomhánna seo nuair a foilsíodh iad ag an am?
- Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na híomhánna sin ar an bpobal a chonaic iad?
- Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag scaipeadh na n-íomhánna sin ar dhaoine arbh imircigh iad?